Topaic: An páiste

Fothopaic: Pearsantachtaí

Seo tascanna samplacha ranga a d'fhéadfaí a bhunú ar an mír físe ina bhfuil Edel Ní Bhriain ag labhairt faoi phearsantachtaí a páistí.

Tá an mhír físe agus an téipscript ar an suíomh.

Nóta: Is tascanna **samplacha** ranga atá anseo a léiríonn cad a **d'fhéadfaí** a dhéanamh le grúpa foghlaimeoirí, bunaithe ar an mír físe. Ní **plean ceachta** atá i gceist. Moltar go roghnódh an múinteoir tascanna a bheadh oiriúnach don ghrúpa foghlaimeoirí atá aige/aici agus go gcuirfí na tascanna **in oiriúint** do riachtanais an ghrúpa.

Treoracha don Mhúinteoir

Tasc samplach 1: Stór focal

Beidh na foghlaimeoirí ag éisteacht le hEdel Ní Bhriain ag caint faoi phearsantachtaí a páistí. Tá an mhír físe agus an téipscript ar an suíomh.

- Mínigh cé agus cad leis a bheidh siad ag éisteacht.
- Faigh amach cad iad na focail atá ar eolas acu cheana féin faoi phearsantachtaí.
- Scaip an bhileog 'Pearsantachtaí: stór focal' agus cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna chun na colúin a cheangal i gCuid A den bhileog. Ansin ceartaigh an ghníomhaíocht agus cuir focail bhreise ar fáil de réir mar is gá.
- Do Chuid B den bhileog, cuir an bhéim ar chumadh abairtí ó bhéal seachas cinn scríofa – cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna chun an méid abairtí is féidir leo a chumadh. Ansin, má oireann, iarr orthu cúpla abairt a scríobh.

Tasc samplach 2: Éisteacht

Scaip an bhileog 'Pearsantachtaí: Éisteacht'. Seinn an mhír físe agus cuir na foghlaimeoirí ag obair ar an tasc tuisceana. Iarr orthu an t-eolas a bhailigh siad a chur i gcomparáid leis an méid a bhailigh a bpáirtithe.

Cuir ag obair i mbeirteanna arís iad don dara tasc. Iarr orthu beagán réamhullmhúcháin a dhéanamh don tasc ar dtús – nótaí a bhreacadh etc. Ansin iarr orthu a gcuid cainte a chleachtadh. Más féidir, spreag iad chun a gcuid cainte a thaifeadadh – ag úsáid guthán póca, cuir i gcás.

Tasc samplach 3: Tuairiscí scoile

Scaip an bhileog 'Tuairiscí Scoile'. Cuir na foghlaimeoirí ag léamh na dtuairiscí ar dtús agus cabhraigh, más gá.

Ansin cuir ag obair i mbeirteanna iad chun an dá thuairisc a chumadh, ag baint úsáide as na cinn shamplacha mar mhúnla.

Ag brath ar leibhéal na bhfoghlaimeoirí agus ar chúrsaí ama, d'fhéadfaí rólghníomhaíocht a eagrú ansin bunaithe ar na tuairiscí. D'fhéadfadh Ról A agus Ról B a bheith ag obair le chéile – duine mar thuismitheoir agus duine mar mhúinteoir – agus go gcaithfidís páirt a ghlacadh i gcruinniú bunaithe ar cheann de na tuairiscí.

Pearsantachtaí: Stór Focal

A. Cad iad na focail atá ar eolas agat chun cur síos a dhéanamh ar phearsantachtaí? Déan iarracht an dá cholún seo a cheangal agus ansin déan iarracht cur leis an liosta:

1. ciúin	a) shy
2. cainteach	b) loving
3. cliste	c) happy
4. cúthail	d) kind
5. cineálta	e) quiet
6. grámhar	f) anxious
7. imníoch	g) chatty
8. sásta	h) funny
9. greannmhar	i) clever

1	2	3	4	5	6	7	8	9

Focail bhreise:

B. Féach ar na habairtí thíos. Le cabhair ó do pháirtí, cum abairtí atá cosúil leo chun cur síos a dhéanamh ar do pháistí féin.

Is buachaill ciúin, cúthail, cineálta é mo mhac Colm.

Tá Niamh beagán fiáin agus glórach ach tá sí an-ghrámhar.

Pearsantachtaí: Éisteacht

Éist le hEdel ag déanamh cur síos ar phearsantachtaí a páistí. Cé mhéad eolais a d'éirigh leat a thabhairt leat? Líon isteach an bosca thíos.

Oisín	*Conall*	*Aoileann*

Tusa ag caint anois! Lig ort go gcaithfidh tú píosa cainte a thaifeadadh faoi phearsantachtaí do pháistí féin. Déan beagán réamhullmhúcháin le do pháirtí agus ansin déanaigí bhur bpíosa cainte.

<u>Nótaí</u>:

Tuairiscí Scoile

A. Seo thíos tuairiscí scoile do cheathrar páistí. Léigh ar dtús iad agus féach cé mhéad a thuigeann tú.

Amy Ní Mhaolagáin	Is cailín álainn béasach í Amy. Tá sí an-mhaith ag an obair agus d'éirigh go hiontach léi i mbliana. Tá mé an-sásta léi. Maith thú, a Amy!
Lily Ní Shúilleabháin	Bhí Lily an-chúthail agus ciúin ag tús na bliana ach tháinig feabhas mór uirthi. Rinne sí tionscnamh an-mhaith ar an Spáinn! Tá sí an-mhaith ag an ealaíon agus d'éirigh an-mhaith léi sa Mhata.
Jack Ó Sé	Tháinig feabhas mór ar pheannaireacht Jack ó thús na bliana agus rinne sé dul chun cinn an-mhaith leis an léitheoireacht. Maith thú, a Jack! Réitigh sé an-mhaith leis na páistí eile agus bhí sé béasach agus cabhrach sa rang.
Adam Mac Gearailt	Bhí mé an-sásta le dul chun cinn Adam i mbliana. Bhí sé eagraithe agus néata agus rinne sé an-obair ar an Mata. Lean ar aghaidh leis an dea-obair, a Adam!

B. Anois, le cabhair ó do pháirtí, scríobh tuairisc bheag don bheirt pháistí seo thíos. Úsáid do shamhlaíocht agus na focail nua a d'fhoghlaim tú!

Róise de Mórdha

Colm Ó Sé